Údarás na Gaeltachta

# Ráiteas Deireadh Bliana

# 2023



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Ráiteas Deireadh Bliana 2023

- **1,075** post nua cruthaithe sa nGaeltacht in 2023
- Glanmhéadú de **303** post
- **9,526** post i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana
- Ardú ar an leibhéal fostaíochta i **6** chontae Gaeltachta
- **366** post nua ceadaithe ag bord Údarás na Gaeltachta
- Díolacháin ar fiú níos mó ná **€1bn** sa mbliain iad ag cliantchomhlachtaí an Údaráis.
- **€35.48m** i soláthar caipitil ceadaithe chun infreastruchtúr gnó na Gaeltachta a fhorbairt
- Pleananna Teanga i **28** Limistéir Pleanála Teanga & Bailte Seirbhíse Gaeltachta á gcur i bhfeidhm le buiséad **€3.9m**
- Maoiniú reatha **€4.3m** curtha ar fáil do **35** eagras forbartha pobail
- gteic - **27** mol digiteach oscailte, **4** mhol á bhforbairt agus os cionn **470** duine ag obair iontu

# Naisc Tapaidh


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| Fostaíocht | 6 |
| An Phleanáil Teanga | 10 |
| gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta | 12 |
| Turasóireacht | 13 |
| An Earnáil Forbartha Pobail | 14 |
| Oiliúint | 17 |
| Gaeltacht na hÉireann | 19 |
| Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta | **21** |
| — Gaeltacht na Gaillimhe | 22 |
| — Gaeltacht Mhaigh Eo | 25 |
| — Gaeltacht na Mí | 28 |
| — Gaeltacht Dhún na nGall | 30 |
| — Gaeltacht Chiarraí | 36 |
| — Gaeltacht Chorcaigh | 39 |
| — Gaeltacht Phort Láirge | 42 |






# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba mhaith liom, mar Phríomhfheidhmeannach, mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Mary Uí Chadhain, do chomhaltaí reatha uile an Bhoird agus do chomhaltaí roimhe seo, d'fhoireann an Údaráis agus Roinn na Gaeltachta agus do phobail na Gaeltachta a raibh teagmháil againn leo ó thús na bliana faoi phleanáil teanga, forbairt pobail nó fiontar agus fostaíocht. Ainneoin na ndúshlán mór idirnáisiúnta a mbíonn tionchar acu orainn luath nó mall, is ábhar bróid agus dóchais é an méid dul chun cinn atá déanta i mbliana.

Foilsíodh torthaí Dhaonáireamh 2022 i rith 2023. Tá cíoradh agus scagadh go leor déanta agus tuilleadh le déanamh, ach trí chéile, tugann sé léargas ar staid na teanga ar fud na Gaeltachta a bhfuil 106,000 duine ag cur fúthu inti. Tá obair mhór déanta ó thaobh na Pleanála Teanga agus ag tús na bliana 2024 bhí 28 bplean teanga i bhfeidhm, 26 Limistéar Pleanála Teanga agus dhá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta san áireamh sa mhéid sin. Anuas air sin, tugtar le fios i dtaighde nua faoi úsáid na Gaeilge sna cliantchomhlachtaí go bhfuil Gaeilge ag 58% de na daoine atá ag obair iontu, bunaithe ar shuirbhé a rinneadh ar bheagnach 800 fostaí. Beidh torthaí an taighde sin mar bhunchloch do scéim phíolótach i leith na Gaeilge sna cliantchomhlachtaí in 2024.

Tháinig ardú arís ar líon na bhfostaithe sna cliantchomhlachtaí in 2023. Glanmhéadú 303 duine a bhí i gceist leis an ardú sin. Léiríonn torthaí fostaíochta na bliana seo go bhfuil earnálacha ar leith, ar nós earnáil na teicneolaíochta leighis, láidir i gcónaí. Is amhlaidh an scéal toisc go mbíonn meascán de dhéantúsaíocht, a thacaíonn le leibhéal ard fostaíochta, agus nuálaíocht a dhéanann nasc idir an fhiontar agus an ceantar ina bhfuil sé lonnaithe ann. Is as Gaeltacht Chonamara do thrí chomhlacht as an dá chomhlacht déag go náisiúnta ar bronnadh maoiniú ón Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha(DTIF) nó nuálaíochta orthu. Tá an earnáil closamhairc láidir ar an iomlán agus an earnáil sin ag teacht in aibíocht agus ag aimsiú margaí nua náisiúnta agus idirnáisiúnta. De réir thaighde Údarás na Gaeltachta, tá tábhacht ar leith leis an earnáil sin i sealbhú agus buanú na Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá fostaíocht sheasmhach in eagrais teangabhunaithe.



# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Ar an taobh eile den scéal, tá cuid de na hearnálacha seanbhunaithe, earnálacha na déantúsaíochta agus na próiseála go sonrach, faoi bhrú agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an ré dhigiteach. Tá earcaíocht ina dúshlán leis, agus mar atá luaite, bíonn an scéal sin níos casta fós ceal tithíochta. Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta Beartas Tithíochta ag deireadh 2023 agus cuirfear dlús faoin obair sin in 2024 in iarracht tithíocht inacmhainne a fhorbairt sa Rinn, ar an gCeathrú Rua agus i nGaoth Dobhair mar mhúnla náisiúnta tithíochta. Beidh na forbairtí sin á ndéanamh faoi scáth pholasaí Ghaeltacht Ghlas na heagraíochta. Cuirfear béim ar na deiseanna inbhuanaitheachta agus digiteacha sin in 2024 tríd an ngréasán Gteic. Tá 27 Gteic ar an iomlán oscailte i gcúig chontae go dtí seo.

Tá pobail na Gaeltachta ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht cheana féin. Cuireadh maoiniú €4.3m ar fáil do 35 eagras forbartha pobail. As na heagrais sin, cuireadh 70 iarratas ó fud fad na Gaeltachta faoi bhráid mholtóirí Ghradaim na Gaeltachta, gradaim a tionóladh den chéad uair i mbliana. Tá na pobail sin, le tacaíocht an Údaráis ag cothú na nuálaíochta agus ag sealbhú na teanga ag an am céanna, i gcatagóirí éagsúla ar nós na turasóireachta, na timpeallachta, seirbhísí sóisialta pobail, diaspóra agus na hóige. Rinne na gradaim ceiliúradh ar obair na bpobal sin, mar is ceart, agus bhí na pobail ar fad ag foghlaim óna chéile agus ag cur le caighdeán saoil mhuintir na Gaeltachta ó lá go lá. Is ábhar bróid agus misnigh an obair atá ar bun leis an gcéad ghlúin eile agus ag an gcéad ghlúine eile, agus beidh ár n-aird dírithe ar aos óg na Gaeltachta agus ar na deiseanna agus dúshláin atá rompu amach go sonrach le linn 2024.

**Tomás Ó Síocháin**




## Fostaíocht

Bhí 303 duine sa bhreis fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2023 ná mar a bhí ag deireadh 2022. Tá an t-ardú sin suntasach i gcomhthéacs bliana a bhí corraitheach go maith go hidirnáisiúnta agus arduithe ar rátaí úis, rátaí arda boilscithe agus lorg na paindéime i measc dúshláin go leor do chliantchomhlachtaí.


Tháinig ardú ar fhostaíocht i ngach contae Gaeltachta - Gaillimh, Maigh Eo, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí - seachas Dún na nGall, áit a raibh an fhostaíocht seasmhach go maith; le titim 1% ar líon na ndaoine a bhí fostaithe i gcliantchomhlachtaí. Bhí Co. Mhaigh Eo seasmhach freisin le hardú 1%. Ardú 3% a bhí ar fhostaíocht i gCiarraí agus ardú 5% nó 168 bpost sa bhreis a bhí i nGaeltacht na Gaillimhe. Bhí le ardú 8% ar fhostaíocht i gContae na Mí agus i gContae Chorcaí, ach ba i gContae Phort Láirge a bhí an fás ba mhó ardú 27% nó 56 post idir an Rinn agus an Seanphobal.

## Fostaíocht sa Ghaeltacht in 2023




**Iomlán na bPost:** Tá 9,526 post i gcliantchomhlachtaí a fuair tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta ag deireadh 2023. Táthar ag tuairisciú na bhfigiúirí fostaíochta ag úsáid modheolaíochta atá molta ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Faoin modheolaíocht seo, rangaítear an fhostaíocht de réir dhá chatagóir: poist lánaimseartha agus eile. Seo an mhodheolaíocht chéanna atá á húsáid ag gníomhaireachtaí forbartha agus fiontraíochta eile m.sh Fiontraíocht Éireann. Tá an glanmhéadú 303 post bunaithe ar chomparáid dhíreach a dhéanamh idir líon na bhfostaithe faoin modheolaíocht nua in 2023 agus in 2022.

## Glanmhéadú Fostaíochta de réir Contae



Bhí bliain mhaith ag comhlachtaí Gaeltachta in 2023, ó thaobh táirgiúlachta, infheistíochta, díolacháin agus fostaíochta. Mar sin féin, bhí cúrsaí earcaíochta dúshlánach. Ní fadhb é seo a bhaineann le comhlachtaí Gaeltachta amháin; ach tá sé níos tromchúisí i gceantair atá i bhfad ó cheantair mhóra uirbeacha agus i gceantair ina mbíonn an t-infreastruchtúr iompair agus taistil lag go minic, mar atá i mórán ceantar Gaeltachta. Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta beartas tithíochta ag deireadh 2023 ar thrí shuíomh ar bhonn píolótach i gceantar Gaeltachta. Cé nach leor an chéim sin leis féin agus dúshlán na tithíochta le sárú ag an am céanna, beidh sé ina chabhair do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu lóistín a fháil i gceantair Ghaeltachta agus beidh deiseanna fostaíochta ann dóibh amach anseo.

Anuas air sin, tá iarrachtaí á ndéanamh ag an Údarás eolas a scaipeadh go forleathan i measc phobal na Gaeltachta agus phobal labhartha na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht faoi na deiseanna fostaíochta atá i ngach ceantar Gaeltachta.

**Infheistíocht Ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta in 2023**

- Poist: 366
- Infheistíocht Mheasta (Stáit agus Phríobháideach): €30.8m
- Earnálacha: Táirgí sláinte, bia agus deoch, seirbhísí agus déantúsaíocht nideoige is mó atá luaite leis na poist nua seo.
- Deontais fostaíochta, innealra, oiliúna agus cláir oiliúna agus deontais eile: €7.7m
- Infheistíocht i scairchaipiteal comhlachta: €1.15m
- Soláthar caipitil d'athchóiriú agus forbairt infreastruchtúir gnó: €35.48m.

**Tionchar Eacnamaíoch Gnóthaí Gaeltachta**
**(bunaithe ar thaighde ABSEI - Annual Business Survey of Economic Impact)**

| Díolachán Comhlachtaí Gaeltachta le 10+ fostaithe | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Díolachán Iomlán | €875m | €1.08b | €1.14b |
| Díolachán Easpórtála | €535m (61%) | €650m (60%) | €677m (60%) |



Is chuig an Eoraip is mó a chuaigh earraí Gaeltachta le 24% (€273m) d'earraí á n-easpórtáil ansin. Sin ardú 9% ó fhigiúirí na bliana seo caite. Chuaigh formhór mór den méid sin chuig an AE, 19% (€214m). Thit líon na n-earraí a díoladh sa Bhreatain 2% go dtí 17% den iomlán. Bhí luach €156m (14%) d'earraí á n-easpórtáil go Meiriceá Thuaidh agus díreach 4% (€43m) don easpórtáil a chuaigh chun na hÁise.

↑
An Eachléim,
Co. Mhaigh Eo

Ceimiceáin/táirgí leighis €245m (19%), talmhaíocht/iascaireacht/mara €128m (11%) agus bia agus deoch €177m (16%) na hearnálacha easpórtála ba mhó luacha do chomhlachtaí Gaeltachta. Is fiú a lua go bhfuil an phróifíl comhlachtaí agus an réimse earnálacha thar a bheith leathan, rud a chuideoidh le seasmhacht na heacnamaíochta Gaeltachta agus muid ag tabhairt aghaidh ar thréimhse a d'fhéadfadh a bheith corraitheach go h-idirnáisiúnta.

**Nuálaíocht sa nGaeltacht:** D'éirigh le trí chliantchomhlacht – ÉireComposites Teo, Déantúsaíocht Sláinte HiTech Teo. agus InverMed Teo. - i gcomhpháirtíocht le páirtithe eile,  sciar suas le €12m de Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a fháil do thograí ceannródaíocha. Sa mbabhta maoinithe náisiúnta a fógraíodh i mí na Samhna 2023, bhí comhlachtaí ardteicneolaíochta lonnaithe i gCois Fharraige i nGaeltacht Chonamara mar chomhpháirtí ar thograí éagsúla.



↑
An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara Charlie McConalogue T.D. ag casadh an Fhóid, Ros an Mhíl

## An Phleanáil Teanga

Tá pleananna teanga na Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fad á bhfeidhmiú anois, ó cuireadh tús le feidhmiú pleananna teanga sa dá Limistéar Pleanála Teanga is deireanaí, LPT an Eachréidh agus LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach, le linn 2023. Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú i mBailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) an Daingin agus an Chlocháin Léith. Rinne Aire Stáit na Gaeltachta fógra i dtaca le BSG Bhéal an Mhuirthead le linn 2023 agus tá ceanneagraíocht nua-bhunaithe anois roghnaithe, Pobal Feasta CTR, le plean teanga a ullmhú do BSG Bhéal an Mhuirthead.

Cheadaigh an tAire Stáit sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGS&M), Patrick O'Donovan TD tacaíochtaí breise don phleanáil teanga in 2023: ceadaíodh ardú 20% ar chiste bliantúil d'fheidhmiú pleananna teanga sna LPT agus sna BSG sa Ghaeltacht, agus tugadh cead do chúig LPT beirt Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú in áit Oifigeach Pleanála Teanga amháin agus Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga amháin.

Chuir an RTCEGS&M tús le hathbhreithniú seachtrach ar fheidhmiú pleananna teanga sna chéad 10 LPT a chuaigh i mbun an phróisis. Tabharfar an obair seo chun críche le linn 2024.

**An Phleanáil Teanga sa Réimse Gnó**
Tugadh faoi obair thaighde ar bhealaí chun úsáid na Gaeilge a chothú agus a spreagadh i measc lucht gnó na Gaeltachta. Rinneadh taighde ar ghnólachtaí sna hearnálacha miondíola, fáilteachais agus turasóireachta, chomh maith le cliantchomhlachtaí an Údaráis féin agus fiontair a fhaigheann tacaíocht ón Údarás.

Tá an tÚdarás ag fiosrú na bhféidearthachtaí a bhainfeadh le scéimeanna faoi leith a fhorbairt agus a sholáthar in 2024 chun tacú leis an obair seo.

Tá an taighde a rinneadh ar phróifíl fostaíochta agus teanga chliaint an Údaráis curtha faoi bhráid bhord Údarás na Gaeltachta. Bheadh súil go mbeidh sé ina bhunús láidir eolaíochta do scéim tacaíochta do chomhlachtaí agus cliaint eile amach anseo.

**An Phleanáil Teanga sa Phobal**
Tá obair na gceanneagraíochtaí pleanála teanga ag cur le feasacht teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh de.  Tá an iliomad gníomhaíochtaí agus imeachtaí á n-eagrú agus á reáchtáil ag na ceanneagraíochtaí pleanála teanga agus tá go leor comhoibrithe ar siúl le páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go bhfuil teacht ag pobal na Gaeltachta ar sheirbhísí, imeachtaí, eolas agus gníomhaíochtaí atá á n-éileamh acu.

Anuas ar an obair a dhéanann an tÚdarás le tacú le hobair na gceanneagraíochtaí pleanála teanga, tá an tÚdarás ag riar scéimeanna agus dreasachtaí atá dírithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht a spreagadh, a chothú agus a neartú. Díríonn na dreasachtaí sin ar an mbunstruchtúr tacaíochta teanga a láidriú agus cur chuige níos straitéisí a fhiosrú, a phleanáil agus a fhorbairt, le cuidiú le spriocghrúpaí agus réimsí faoi leith a áirítear sa phróiseas pleanála teanga.

Tacaíodh le tograí óige atá dírithe ar úsáid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i measc na hóige sa Ghaeltacht agus a d'eascair as togra 'Glúin Z'.  Díríonn an coincheap seo ar bhealaí nuálaíocha chun nósmhaireachtaí úsáide dearfacha i leith na Gaeilge a chur chun cinn i measc na hóige sa Ghaeltacht trí dheiseanna agus 'spásanna' nua a fhorbairt agus a chruthú dóibh le ceangal a dhéanamh agus caidrimh a chothú in ábhar a bhfuil sainspéis faoi leith acu féin ann, m.sh an t-athrú aeráide, cúrsaí timpeallachta, an fhiontraíocht, an nuatheicneolaíocht amhail Preab san Úr, faoi scáth LAN i gCill Ulta agus an togra Aistear na nGael á reáchtáil ag Coláistí Chorca Dhuibhne in 2023.



## gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

↑
gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

- 27 gteic i 5 chontae (Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí & Corcaigh)
- 865 spás oibre
- 470+ duine ag obair sna gteiceanna
- Osclaíodh 1 gteic in 2023
- 4 gteic á bhforbairt faoi láthair

Tá an gréasán gteic bunaithe anois mar chuid den bhun-infreastruchtúr gnó agus pobail i bhformhór na gceantar Gaeltachta agus cuirfear leis an obair chun réimse na seirbhísí a fhorbairt tuilleadh in 2024.

**Le linn na bliana:**

- Leanadh le cláir oiliúna do bhainisteoirí gteiceanna a thosaigh in 2022
- Rinneadh suirbhé náisiúnta ar Riachtanais Oiliúna agus Oideachais na gcomhlachtaí, na gcianoibrithe agus na mbainisteoirí atá ag obair sa ghréasán gteic
- Cuireadh tús le straitéis nua a fhorbairt don ghréasán gteic, i bhfianaise fhás an ghréasáin

## Turasóireacht

Tá ag éirí le hÚdarás na Gaeltachta, i gcomhpháirt le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, borradh a chur faoi thionscal turasóireachta na Gaeltachta. Leagtar béim ar leith ar na tréithe sainiúla sin a bhaineann le hoidhreacht agus teanga na gceantar Gaeltachta. I Samhraidh 2023 rinne cigirí UNESCO moltóireacht ar Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair agus iad ag obair i dtreo stádas Geopháirc UNESCO a bhaint amach. Cuireadh an cinneadh siar go dtí 2024 agus tá an fhoireann ag obair ar mholtaí a chur i bhfeidhm.

**Comhoibriú le Fáilte Éireann** Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le feidhmiú an Mheamraim Tuisceana idir Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann.

- Tá mionphlé ar siúl do cheithre thogra caipitil do 2024 le hinfheistíocht iomlán os cionn €5m. Faoi réir comhaontú ar na tograí meastar go gcuirfidh Fáilte Éireann 80% den infheistíocht ar fáil agus cuirfidh Údarás na Gaeltachta an 20% eile ar fáil.

  - Imeall, Ionad na Feamainne, Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

  - Ionad Árann, Árainn, Co. na Gaillimhe.

  - Eispéiris an Charraig Aonair – Oileán Chléire , Co. Chorcaí.

  - Solas, Beal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

- Tá feachtas píolótach margaíochta, 'Gaeilge & Fáilte', a chuireann béim ar thurasóireacht teanga agus deiseanna foghlama Gaeilge le linn saoire Gaeltachta á chur i dtoll a chéile ag an dá eagraíocht i gcomhpháirt lena chéile

- Ag obair le meastóirí agus saineolaithe turasóireachta beidh Fáilte Éireann ag obair le gnóthaí turasóireachta Gaeltachta chun éispéiris dhátheangach agus trí Ghaeilge a chur ar fáil don chuairteoir.

- Tá Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Éireann ag obair i gcomhar le chéile ar mhórphlean ceannscríbe don Ghaeltacht

**Scéim na nOifigeach Turasóireachta** Tá an scéim seo dírithe ar thograí suntasacha pobalbhunaithe d'ionad cuairtaíochta agus gréasáin turasóireachta. Tá tacaíocht €30,000 sa mbliain ar fáil do thograí chun Oifigeach Turasóireachta a fhostú ar feadh dhá bhliain. Comhuaineach leis an tacaíocht sin, tríd seisiúin eolais, camchuairteanna agus clár foghlama, tá líonra láidir do dhaoine gairmiúla le Gaeilge san earnáil turasóireachta á fhorbairt. Fostaíodh 12 oifigeach in 2023 le tacaíocht ón scéim seo. Tá moltaí á réiteach do scéim nua in 2024, bunaithe ar an méid atá bainte amach go dtí seo.

## An Clár Glas agus an Clár Digiteach

Tríd scéimeanna Eorpacha táthar ag cumasú gnóthaí turasóireachta chun uirlisí dhigiteacha a úsáid chun cur chuige gnó a feabhsú agus chun gnóthaí a 'ghlasú'.

## Ceangal le hAlbain

Daingníodh an ceangal idir Údarás na Gaeltachta agus rialtas na hAlban. Eagraíodh turais foghlama idir Albain agus an Ghaeltacht chun deiseanna turasóireachta leis an nGaeilge agus leis an Gàelig a fhorbairt, le béim ar leith ar thurasóireacht pobail agus turasóireacht teanga.



↑
An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin, Catherine Martin T.D. ar cuairt ar oifigí Nemeton i nGaeltacht Phort Láirge.

## An Earnáil Forbartha Pobail

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil na heagrais forbartha pobail ríthábhachtach i dtaobh chumas an Údaráis a chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach i gcomhar leis na pobail Ghaeltachta. Cuireadh maoiniú €4.3m ar fáil do 35 eagras forbartha pobail lena chur ar a gcumas tabhairt faoi chlár forbartha pobail dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil agus ar thograí turasóireachta, ar phleanáil teanga, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar an ngréasán Gteic, i measc tograí eile.

Le linn 2023, thug na heagrais forbartha ar fad faoi Pleananna Gníomhaíochta 5 Bhliana a chur ar fáil do na ceantair feidhme lena mbaineann siad. Rinneadh é seo i gcomhar leis na pobail agus coistí aitiúla agus le tacaíocht ón Údarás.

Reáchtáladh Gradaim na Gaeltachta ag deireadh na bliana, comórtas a tharraing aird ar an obair mhór atá á déanamh ag eagraíochtaí pobalbhunaithe agus coistí pobail. Rinneadh 9 gcinn de Ghradaim Náisiúnta a bhronnadh, i réimsí atá ag teacht le cuspóirí straitéiseacha Údarás na Gaeltachta.

Cuireadh ciste ar fáil chun cuidiú le eagrais agus coistí/grúpaí  tograí fiontraíocht shóisialta a fhorbairt  agus ciste eile le cuidiú le coistí /eagrais coincheapa gnó do thograí nua a fhorbairt . D'éirigh go maith leis seo agus cuireadh maoiniú ar fail do shraith tograí a bhain leis an bhfiontraíocht shóisialta.



**Scéim na gCéimithe - Eagrais Forbartha** Faoin scéim seo , bíonn deis ag céimithe seal 2 bhliain a chaitheamh in eagrais forbartha nó fiontar shóisialta Gaeltachta chun cur lena gcuid scileanna agus taithí a fháil in earnáil ar leith. D'éirgh go maith leis an scéim in 2023 agus beifear ag fógairt scoláireachtaí faoin scéim seo go luath in 2024


## Beagnach 1,000 fostaithe ar Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Bhí 950 rannpháirtí agus 46 saoiste fostaithe i 47 scéim ar fud na Gaeltachta in 2023. Tá ról agus tionchar tábhachtach ag na scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Sóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá á mbainistiú ag an Údarás agus maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, ag cur taithí oibre agus oiliúint ar fáil do phobal na Gaeltachta.

## Tograí Eorpacha

Bhí Údarás na Gaeltachta rannpháirteach i naoi dtogra Eorpacha ag deireadh 2023. Cuireadh tús le seacht dtogra nua i réimsí na turasóireachta, an dhigitithe, an gheilleagair shóisialta agus an fhuinnimh inathnuaite a bhfuil buiséad €2.14m thar 3 bliana ag dul leo.

| Togra | Aidhm | Scáth Cláir Maoinithe Eorpaigh |
|---|---|---|
| EmpowerUS | Ag tacú leis an earnáil forbartha pobail | Fís Eorpach |
| Leap (Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla do Réigiúin Fhorimeallacha)* (féach Gaillimh) | Ag tacú leis an aistriú go fuinneamh glas. | LIFE Clean Energy Transition Call |
| Glow 2.0* (féach Gaillimh & Maigh Eo) | Tacaíocht le forbairt ar thurasóireacht gheimhridh | INTERREG don Fhorimeall ó Thuaidh agus an tArtach |
| Codil (COVID-Disrupted Regional Innovation Ecosystems) | Clár taighde chun polasaithe nuálaíochta nua agus tacaíochtaí cuí infheistíochta digití a mhealladh chun na Gaeltachta. | INTERREG na hEorapa |
| Data2Sustain | Tacaíocht do ghnólachtaí ina gclaochlú digiteach; eolas faoi chibearshlándáil, Intleacht Shaorga (AI) agus Ríomhaireacht ArdFheidhmíochta (HPC | Clár an Mhoil Eorpaigh maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach" trí Fhiontraíocht Éireann |
| Fuinneamh Glan d'Oileáin an AE: 30 Oileán Inathnuaite do 2030 (féach Corcaigh) | Tacú le pobail oileánda leis an aistriú go fuinneamh glan. | Is conradh seirbhíse é seo atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach. |
| MERSE (Business Models Empowering Rural Social Entrepreneurship – voicing the rural norm) | Ag tacú le cur chun cinn na fiontraíochta sóisialta | INTERREG don Fhorimeall ó Thuaidh agus an tArtach |
| St3ER (Scaling Twin Tranistion In Tourism By Harnessing The Experience Economy For Greater Resilience) | Feabhas a chur ar iomaíochas comhlachtaí turasóireachta. | Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) |
| Satcomm | Fuinneamh inathnuaite a ghiniúint & a roinnt i measc pobail fuinnimh | InterReg Cheantar an Atlantaigh |



## Oiliúint

In 2023, dhírigh Údarás na Gaeltachta go sonrach ar roinnt grúpaí agus earnálacha ar leith: inbhuanaitheacht agus fuinneamh in-athnuaite; an tionscal closamhairc; daoine óga agus mná i ngnó.

**CUMASÚ:** Clár é seo atá dírithe ar fhiontraithe mná i nGaeltacht Mhaigh Eo agus na Gaillimhe agus a reáchtáladh i gcomhpháirt le EMPOWER, clár tacaíochta de chuid Moil Nuálaíochta Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA). Tá sé i gceist breis forbartha a dhéanamh ar CUMASÚ in 2024 le cláir oiliúna breise sna réigiúin Ghaeltachta eile: CUMASÚ (TÚS)agus CUMASÚ (FÁS)

**Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán** (á riaradh ag OTA agus Europus Teo)

- Oiliúint faighte ag 250+ mac léinn ón mbliain 2000,
- 80-90% acu as an nGaeltacht,
- 50% dóibh siúd ag obair san earnáil aistriúcháin/earnáil na Gaeilge.
- Poist faighte ag rannpháirtithe sna hInstitiúidí Eorpacha.
- Tá an cúrsa ag freastal freisin ar riachtanais earnáil na Gaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht.

San athbhreithniú a deineadh le déanaí, aithníodh riachtanais eagraíochtaí agus comhlachtaí sna meáin chumarsáide Ghaeilge agus i gcomhlachtaí Gaeltachta agus Gaeilge mar ghné ina bhféadfaí seirbhís a chur ar fáil.

**Ard-Dioplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meáin Dhigiteach (Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU) i gcomhar le Nemeton Teo.)**

- Duaiseanna buaite ag rannpháirtithe i gcomórtais idirnáisiúnta, ina measc Féile Scannán Fastnet, Féile Scannán Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus Féile Scannán Phort Láirge.
- Ainmniúchán faighte ag 12 scoláire i dtrí chatagóir ag na SMEDIAS (Student Media Awards). Bhuaigh siad in dhá chatagóir.

**Teastas Iarchéime sa bhFiontraíocht Chruthaitheach agus Forbairt Fiontraíochta** (cáilíocht chreidiúnaithe i gcomhar le OTA). Tá Údarás na Gaeltachta agus CREW (Creative Enterprise West) ag obair i gcomhar arís i mbliana ar chlár gorlainne. Tá an clár oiliúna á reáchtáil san Earnáil Chruthaitheach Dhigiteach chun deiseanna nua forbartha agus fostaíochta a chruthú sa Ghaeltacht. Togra comhpháirtíochta straitéiseach atá i gceist le Comhoibriú CLG (Creative Enterprise West – CREW). Tá an tÚdarás lárnach ón gcéad lá i bhforbairt an choincheapa seo agus san obair pleanála straitéisí atá curtha i bhfeidhm go dáta. Ba é aidhm a bhunaithe ná borradh a chur faoi dheiseanna forbartha eacnamaíochta in earnáil na dtionscadal cruthaitheach agus digiteach in Iarthar na hÉireann. Is í Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh an eagraíocht cheannasach atá i bhfeighil an chomhfhiontair seo i gcomhpháirt le hÚdarás na Gaeltachta, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ardán (Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe), Fiontraíocht Éireann, TG4, Clár LEADER Ros Comáin, agus na hOifigí Fiontair Áitiúla.

**Glúin Nua**
Ciste €90,000 do stiúrthóirí, léiritheoirí agus scríbhneoirí nua le hábhar gearrfhoirme a chruthú trí mheán na Gaeilge atá sa chiste seo, chun tallann nua a chothú sa tionscal closamhairc

**Scéim Oiliúna sna Meáin (TG4 agus OTA)**
Comhpháirtíocht é seo idir TG4, Ciste Craoltóireachta Gaeilge Thuaisceart Éireann (ILBF), Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Údarás na Gaeltachta le tacaíocht ó Ghréasán na Meán. Ciste Maoinithe €190,000: Tacaíocht do chomhlachtaí léiriúcháin san earnáil neamhspleách chun scileanna agus cumas fhoireann an chomhlachta a fhorbairt. Bhí 25 rannpháirtí ar an scéim in 2023.

**Intéirneacht RTÉ**
Thacaigh an tÚdarás le scéim intéirneachta nua de chuid RTÉ, a chuir ar chumas bheirt iriseoirí óga Gaeltachta traenáil agus taithí a fháil i gCeannáras RTÉ i mBaile Átha Cliath agus in oifigí RTÉ i nGaeltacht na Gaillimhe agus Dhún na nGall agus beidh an scéim ar bun arís in 2024.

**Scéim na gCéimithe sna Comhlachtaí**
Bíonn deis ag céimithe seal 2 bhliain a chaitheamh i gcomhlacht Gaeltachta chun cur lena gcuid scileanna agus taithí a fháil in earnáil ar leith. Tá tús áite á thabhairt do na hearnálacha mara, seirbhísí forbartha teanga agus an aistriúcháin, déantúsaíochta nideoige agus an fhuinnimh in-athnuaite. Beifear ag fógairt scoláireachtaí faoin scéim seo go luath in 2024.

**Clár na gComhlachtaí**
Lean Údarás na Gaeltachta leis an clár d'fhiontraithe óga a fheidhmítear i scoileanna dara-leibhéal na Gaeltachta i gcomhar le Junior Achievement Ireland. Ghlac 566 fiontraí óg as 18 scoil páirt sa chlár. Ba chomhlacht ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne 'Dedalus Sports' a bhuaigh an Chraobh Náisiúnta agus a rinne ionadaíocht ar son na hÉireann sa Chraobh Idirnáisiúnta in Iostanbúl.

**Scéim Scoláireachta do Phrintísigh**
Bhí 40 duine cláraithe faoin scéim printíseachta, ardú 60% ar an líon a chláraigh in 2022. Tá 185 printíseach cláraithe leis an Údarás ina iomláine. Tá sé mar aidhm againn go mbeadh 45 rannpháirtí nua cláraithe in 2024, cúigear a bheadh ag tabhairt faoi phrintíseacht nua-aoiseach ina measc. Chuige sin, táthar le dul i mbun feachtas eolais agus feasachta ag díriú go sonrach ar mhná agus ar phrintíseachtaí nua-aoiseacha.

**Glasoiliúint**
Ciste €50,000 do scéim oiliúna phíolótach chun tacú le ceardaithe agus daoine proifisiúnta Gaeltachta atá ag iarraidh a gcuid scileanna a uasdátú nó scileanna nua a fhoghlaim i réimse dá gcuid oibre a bhaineann le caomhnú fuinnimh nó i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite.



## Gaeltacht na hÉireann

Tá an branda “Gaeltacht na hÉireann” in úsáid go forleathan ag gnólachtaí, eagraíochtaí, limistéir pleanála teanga agus cumainn Ghaeltachta agus é á cheangal le scoth na dtáirgí Gaeltachta. Le linn 2023, tugadh faoi thaighde ar fhéidearthachtaí chun an branda a neartú agus a shoiléiriú. Comhthreomhar leis seo, forbraíodh plean margaíochta áite don Ghaeltacht agus tá sé i gceist an plean seo a sheoladh sa gcéad leath de 2024, faoi scáth branda athmhúnlaithe “Gaeltacht na hÉireann.” Beidh sé i gceist tús áite a thabhairt don teanga agus don oidhreacht shainiúil Ghaeltachta sa bplean nua, ag cur leis an taighde agus le comhpháirtíochtaí i réimse na pleanála teanga, an fhiontair shóisialta, an fháilteachtais agus an mhiondíola.

## Diaspóra na Gaeltachta

Lean Údarás na Gaeltachta leis an gcaidreamh leis an diaspóra a neartú agus a dhaingniú le linn 2023. Lean Ionad Diaspóra na Gaeltachta, mar chuid de thogra Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna, Conamara, ag forbairt clár oibre suntasach i dtaobh an diaspóra Gaeltachta, le himeachtaí faoin dlúth-cheangal atá idir an Ghaeltacht agus gnéithe éagsúla de shochaí Mheiriceá, na Breataine agus níos faide i gcéin.

Fuair an chomhdháil a d’eagraigh Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Asia Matters agus a bhí ar siúl i nDrioglann Chroithlí i nGaeltacht Thír Chonaill agus i Leitir Ceanainn clúdach forleathan sna meáin, ag díriú ar an gceangal gnó idir an Iarthuaisceart agus an Áise. Daingníodh an ceangal idir Gaeltacht Acla agus Cleveland Mheiriceá, nuair a tháinig toscaireacht as Cleveland go Maigh Eo le linn 2023 chun ceiliúradh a dhéanamh ar 20 bliain de chomhcheangal idir an dá cheantar, agus thug toscaireacht as Acaill cuairt gnó ar Cleveland freisin. Lean Údarás na Gaeltachta ag cur leis an nasc atá idir an Ghaeltacht agus Bostún, le cur i láthair ar réimse oibre na heagraíochta ag an gcomhdháil idirnáisiúnta Golden Bridges i mBostún, agus rinneadh forbairt bhreise ar ghréasáin turasóireachta, chultúir agus ghnó.

Cuireadh leis an gceangal atá idir Gaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí agus Massachussetts, nuair a bhí taispeántas Chorca Dhuibhne mar cuid lárnach d’fhéile an Big E in Springfield.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag lucht gnó Chorca Dhuibhne agus ag lucht eagraithe an Big E i Meiriceá sa taispeántas freisin ó cuireadh tús leis an gceangal in 1999, chun an deis an Ghaeltacht a chur os comhair lucht spéise breise agus 1.6 milliún duine ag an ócáid. Deineadh ceangal ar mhaithe leis an bhfiontraíocht shóisialta a fhorbairt le hAlbain, agus táthar ag súil go gcuirfear tús le clár píolótach idir an dá thír sa réimse sin do 2024. Cuireadh tús le caidreamh idir an Ghaeltacht agus Albain Nua, agus aghaidh á thabhairt ar chomhpháirtíocht ina mbeidh mic léinn ag teacht go dtí an Ghaeltacht ar mhaithe le blas a fháil ar shaol na Gaeilge agus na Gaeltachta.

## Fochuideachtaí / Cuideachtaí Straitéiseacha.

**Ealaín (na Gaeltachta) Teoranta**
Tá fás leanúnach tagtha ar chumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta le roinnt blianta anuas. Seoladh plean straitéiseach Ealaín an Gaeltachta 2023-2027 le línn na bliana. Rinneadh an plean straitéiseach a fhorbairt le ionchur ó líon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíona, daoine óga, agus an pobal ina iomláine. Díríonn straitéis nua Ealaín na Gaeltachta ar fhorbairt chruthaitheach na n-ealaíontóirí; ar rannpháirtíocht sna healaíona a chothú agus a mhéadú i measc daoine óga agus an phobail i gcoitinne; ar thacú le healaíontóirí Gaeltachta a gcleachtais agus a ngairmeacha beatha a chothú agus a fhorbairt; agus an bhonneagar ealaíon sa Ghaeltacht a neartú.

Bhí Ealaín na Gaeltachta 25 bliain ar an bhfód in 2023 agus mar chuid den cheiliúradh sin eagraíodh 10 lá d'imeachtaí cultúrtha agus ealaíona i gcomhar leis na hionaid ealaíne agus ealaíontóirí áitiúla ar fud fad na Gaeltachta.

Lean Ealaín na Gaeltachta lena chlár oibre ag cur tacaíocht agus maoiniú ar fáil do ghníomhaíochtaí ealaíona sa Gaeltacht trína cuid scéimeanna maoinithe éagsúla. Cuireadh maoiniú de €1.6m ar fáil do 185 togra ealaíona le linn 2023. Leanadh le gníomhaíochtaí chlár Cuisle, atá á sholáthar le tacaíocht na RTCEGS&M, agus d'fhreastal 3,926 rannpháirtí ar ranganna sna ceantair Ghaeltachta faoi stiúir 72 teagascóir.

**Muintearas Teoranta**
Le linn na bliana 2023 reáchtáil Muintearas Teoranta seirbhísí naíolainne agus iarscoile i nGaoth Dobhair agus i gCeantar na nOileán, riar siad Scéim na gCúntóirí Teanga i gCúige Chonnacht, Cúige Uladh agus Cúige Laighean, agus Scéim na gCampaí Samhraidh go náisiúnta thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.  Chuir Muintearas cúrsaí oiliúna sa réimse Oideachais Luathóige ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí agus áiseanna óige ar fud na Gaeltachta.


Cuireadh tús le togra nuálach réaltachta fíorúla i gcomhpháirt le Kinia agus Hallogen le maoiniú ó Údarás na Gaeltachta agus chuir Muintearas leis an ról ceannródaíoch atá ag Údarás na Gaeltachta maidir leis an obair a dhéanann sé chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an aosa óig. Lean an obair atá ar bun freisin ag Muintearas sa réimse fiontair shóisialta trí gteic@Ceantar na nOileán agus tríd an mbialann phobail, An Chlúid.

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta**
Is comhlacht neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta chun seirbhís bhainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht.  Bhí 239 duine fostaithe ag an gcomhlacht le linn 2023.  Le linn na scoilbhliana 2023/2024 tá 1,983 páiste ag freastal ar 130 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Is sin ardú 105 páiste agus seacht seirbhís breise (ceithre naíonra agus trí sheirbhís iarscoile) ón bhliain roimhe.

# Athbhreithniú de réir Ceantair Ghaeltachta



# Gaeltacht na Gaillimhe




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán | 3,617 | 3,450 |
| Poist Nua | 398 | 281 |
| Glanmhéadú | 167 | |
| Glanchaillteanas | | 44 |
| Poist Cheadaithe | 208 | 243 |

**Earnálacha Fáis:** Fógraíodh an líon is mó post in aon fhógra amháin in Freudenberg Medical le linn 2023. Léirigh fógra an chéad phoist sin fás earnáil na dteicneolaíochtaí leighis trí chéile, cé go bhfuil earcaíocht dúshlánach go fóill. Tháinig borradh ar an tionscal closamhairc chomh maith agus bhí líon na ndaoine a bhí fostaithe san earnáil teangabhunaithe seasmhach.

**Pleanáil Teanga - Gaillimh**

| | |
|---|---|
| Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga: | 10 |
| Oifigigh Pleanála Teanga: | 14 |
| Infheistíocht Iomlán: | €1.56m |

- Cuireadh tús le feidhmiú phleananna teanga LPT an Eachréidh agus LPT Bhearna & Chnoc na Cathrach le linn 2023.
- Reáchtáladh réimse leathan imeachtaí dírithe ar gach gné de shaol an phobail: teaghlaigh agus an óige, an córas oideachais, cúrsaí sóisialta agus caitheamh aimsire, cúrsaí gnó agus eile.
- Tá an-chomhoibriú ar siúl idir LPTanna a bhfuil teorainneacha á roinnt acu, agus idir na trí LPT atá suite timpeall chathair na Gaillimhe agus Bhaile Seirbhíse Gaeltachta na Gaillimhe.

**gteic– Gréasán Digiteach na Gaeltachta i nGaillimh**

| | |
|---|---|
| Spásanna Oibre: | 203 |

**Tograí 2023**

- Saotharlann Eolaíochta nua i gteic@Na Forbacha le freastal ar éileamh agus riachtanais na hearnála MedTech.
- An clár oiliúna do mhná, CUMASÚ, curtha ar fáil i gteiceanna na Gaillimhe
- Comhpháirtíocht leanúnach oiliúna ar siúl idir Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus an gréasán gteic
- **gteic@Maigh Cuilinn:** Táthar ag súil tús a chur le forbairt an gteic seo in 2025 má éiríonn le hiarratas ar mhaoiniú d'Ionad Pobail ar an mbaile, Áras Lae. Tá cead pleanála faighte don togra.

**Tugadh faoi réimse forbairtí agus rinneadh fógraí suntasacha i nGaeltacht na Gaillimhe i rith na bliana:**

- **An Ghaeltacht Ghlas - Gaillimh:** Tugadh chun críche an togra Horizon 2022, REACT a bhí á fheidhmiú ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Comharchumann Fuinnimh Árann Teoranta. Cuidíodh leis an togra seo saineolas breise a fhorbairt sa bpobal i réimse an fhuinnimh in-athnuaite.
- **Biúró Fuinnimh Ghaeltacht na Gaillimhe agus Oileáin Árann:** Tá an togra seo á mhaoiniú tríd an scéim Eorpach LEAP (Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla do Réigiúin Fhorimeallacha). Ceapadh Oifigeach chun an togra a stiúradh agus tá oifig oscailte ag an mBiúró Fuinnimh do Ghaeltacht na Gaillimhe agus Oileáin Árainn i Gteic @An Cheathrú Rua. Tá an togra dírithe ar uasghrádú agus ar athchóiriú ar thithe chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- **Lárionad Barr Feabhais Inbhuanaithe Ísealcharbóin, Casla**: Rinneadh dearadh agus iarratas ar chead pleanála don Ionad atá ina chomhpháirtíocht idir an tÚdarás agus Comhairle Ceantar na nOileán. Tá €462,600 ceadaithe faoin togra E6 chun an t-Ionad a fhorbairt. Táthar ag súil gur áis luachmhar traenála agus eolais faoi chaomhnú fuinnimh agus inbhuanaitheacht a bheidh san ionad.

**Tograí Turasóireachta - Gaillimh**

- **Pleananna Míniúcháin: Árainn; Ionad na Feamainne; Ionad na nImirceach**
  Réitíodh pleananna míniúcháin do thrí thogra straitéiseacha turasóireachta i gCo. na Gaillimhe i gcomhar leis an gcomhlacht Mirador Media: Ionad Oidhreachta & Feamainne Leitir Mealláin; Ionad Cuairteoirí Árann; agus Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna. Beidh na pleananna seo lárnach sa táirge a bheas á sholáthar ag na hionaid do chuairteoirí amach anseo.

- **Geopháirc Dhúiche Sheoigheach:** Bhí próiseas cigireachta ann chun stádas Gheopháirc UNESCO a bhaint amach do cheantar Dhúiche Sheoigheach i nGaillimh agus i Maigh Eo. Tá súil le cinneadh ina thaobh seo go luath in 2024. Tá obair leanúnach ar siúl chun seirbhísí, áiseanna, comharthaíocht chuí srl. a fhorbairt don Gheopháirc.

- **Ionad Cuimhneacháin na nImirceach:** Cheadaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán suim shuntasach airgid don togra. Beifear ag tabhairt faoi na chéad chéimeanna den obair thógála go luath in 2024.

**Tograí Suntasacha Eile**

- **CUMASÚ:** Reáchtáladh clár oiliúna do mhná Gaeltachta a bhí ag iarraidh smaoineamh gnó a fhorbairt in 2023. Ghlac 14 bean páirt sa chlár agus tá seachtar acu sin anois i mbun gnó.

- **Ionad Oideachais agus Óige, Indreabhán:** Ceadaíodh maoiniú do chéim phleanála don togra seo. Tá an próiseas deartha críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh iarratas pleanála á dhéanamh go luath in 2024.

- **Ionad Áras Lae, Maigh Cuilinn:** Rinneadh iarratas ar mhaoiniú chuig an gCiste Infheistíochta Áiseanna Pobail agus táthar ag súil le cinneadh in 2024. Beidh gteic, halla spóirt, spás d'imeachtaí pobail agus áiseanna d'fhorbairt na Gaeilge san Ionad nua pobail seo.

- **Bealach Sheanadh Mhacha**: Tá an conraitheoir ar an suíomh chun tabhairt faoin obair a chuirfidh bealach siúil 23.8km ar fhad ar fáil a bheidh feiliúnach do shiúlóirí, rothaithe agus teaghlaigh.  Osclófar an bealach go luath in 2024.


**Beartas Tithíochta na Ceathrún Rua**: Tá an suíomh ar an gCeathrú Rua ar cheann de thrí shuíomh atá luaite le Beartas Tithíochta an Údaráis agus beidh na féidearthachtaí a bhainfeadh le tithe inacmhainne a thógáil ar an suíomh seo i lár na Ceathrún Rua á meas in 2024.

**Ionad Domhanda na Gaeilge**: Leanadh leis an bpróiseas forbartha don togra seo agus rinneadh réamhthaighde ar mhúnlaí gnó a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do chuid de na réimsí atá á bplé faoi scáth Phlean Gnímh na Ceathrún Rua.

**Plean Gnímh Iorras Aithneach**: Leanadh ar aghaidh ag feidhmiú an Phlean Gnímh agus ceapadh Comhairleoir i rith na bliana chun cuidiú leis an bpróiséas sin.

**Páirc na Mara**: Dhiúltaigh an Bord Pleanála cead pleanála do Pháirc na Mara in 2023 ar chúinsí ar leith. Tá an tÚdaras tiomanta do fhorbairt an togra a chuirfidh spás taighde fíoruisce agus uisce sáile ar fáil ar aon láthair amháin, an t-aon togra, dá leithéid sa tír agus táthar ag súil iarratas nua pleanála a chur faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024.

# Gaeltacht Mhaigh Eo




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Fostaíocht Iomlán** | 971 | 964 |
| **Poist Nua** | 101 | 111 |
| **Glanmhéadú** | 7 | 38 |
| **Glanchaillteanas** | | |
| **Poist Cheadaithe** | 13 | 58 |

**Earnálacha Fáis:** Tá fás leanúnach ar sheirbhísí i Maigh Eo, ó aimsir na paindéime go sonrach. D'fhógair Coláiste Uisce san earnáil oideachais agus Gaeilge róil nua i mbliana agus d'fhógair an comhlacht IPSOS go bhfuil fás suntasach déanta aige i nGaeltacht Mhaigh Eo. Tá forbairt tagtha ar na hearnálacha bia agus teicstíle agus táthar ag súil le tuilleadh daoine a earcú in Aran Woollen Mills in 2024.

Comhlachtaí inar cruthaíodh fostaíocht shuntasach: Milseogra & Bacús Uí Dhonnchadha, Aran Woollen Mills agus IPSOS, atá lonnaithe i gteic @ Béal an Mhuirthead agus i gteic@Acaill, ba mhó a chruthaigh fostaíocht nua.



**Tograí Nua-cheadaithe:** Is in earnálacha an bhia agus dí, bith-theicneolaíochta, closamhairc, dobharshaothraithe agus seirbhísí is mó a bheidh na poist á gcruthú iontu.

**Pleanáil Teanga - Maigh Eo**

| | |
|---|---|
| **Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga:** | **2** |
| **Oifigigh Pleanála Teanga:** | **3** |
| **Infheistíocht Iomlán:** | **€300,000** |

- Rinne Aire Stáit na Gaeltachta fógra i dtaca le BSG Bhéal an Mhuirthead le linn 2023 agus tá ceanneagraíocht nua-bhunaithe anois roghnaithe, Pobal Feasta CTR, le plean teanga a ullmhú do BSG Bhéal an Mhuirthead

- Cheadaigh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ardú maoinithe do LPT Mhaigh Eo Thuaidh, tar éis don LPT sin cás a chur os comhair na Roinne. Tá an soláthar bliantúil a chuirtear ar fáil do LPT Mhaigh Eo Thuaidh ardaithe ó €100,000 go €180,000 ó thús na bliana seo agus tá cead faighte ag an gceanneagraíocht an dara hOifigeach Pleanála Teanga a fhostú.

**gteic– Gréasán Digiteach na Gaeltachta i Maigh Eo**

**Spásanna Oibre:** **137**

↑
Thuas: An Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin, Catherine Martin T.D. agus Tomás Ó Síocháin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta

**Tograí**

- Clár CUMASÚ curtha ar fáil i gteiceanna Mhaigh Eo
- Lá Digiteach ar dTús i gcomhar le Moil Nasctha – gteic@Béal an Mhuirthead mar cheann de na hionaid eiseamláireacha


**Ag teacht:**

- Tá spás aitheanta do gteic@Tuar Mhic Éadaigh agus tá measúnú á dhéanamh ar an spás sin faoi láthair.
- Tá iarratas déanta ar chead pleanála chun dul ar aghaidh le céim 3 de gteic@Béal an Mhuirthead

**Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha a rinneadh i nGaeltacht Mhaigh Eo:**

- **SOLAS (Áras Scéalta an Atlantaigh)**
  Tugadh an obair thógála agus léirmhínithe chun críche. Beidh tús á chur le feidhmiú an Phlean Gnó agus na Straitéise Margaíochta in 2024.
- **Geopháirc – Ceantar Dhúiche Sheoigheach**
  I gcomhpháirtíocht le Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, tá Údarás na Gaeltachta ag obair le stádas Geopháirc UNESCO a bhaint amach do cheantar Dhúiche Sheoigheach i nGaillimh agus i Maigh Eo. Táthar ag fanacht le cinneadh ina thaobh seo. Chuige sin, tá tábhacht ar leith le rannpháirtíocht an Údaráis sa togra Eorpach, GLOW 2.0 chun buntáiste a bhaint as na deiseanna turasóireachta a bhaineann le spéartha dorcha.
- **GLOW 2.0** Cuireadh tús leis an gclár seo in 2023 atá dírithe ar Na Spéartha Dorcha agus ar Thurasóireacht Inbhuanaithe. Reáchtáladh comhdháil ina thaobh i dTuar Mhic Éadaigh le linn Mhí Smaointe Mhaigh Eo.
- Tugadh faoi staidéar féidearthachta ar Shlí Siúlóide Chósta Iorrais.  Beidh pleananna le cinntiú in 2024.
- **Clár Sláinte agus Folláine**Tá an tÚdarás ar cheann de na heagraíochtaí comhpháirtíochta i dtogra píolótach Sláinte agus Folláine de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gceantar Iorrais agus Acla.

# Gaeltacht na Mí




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Fostaíocht Iomlán** | 238 | 221 |
| **Poist Nua** | 29 | 42 |
| **Glanmhéadú** | 17 | 15 |
| **Glanchaillteanas** | | |
| **Poist Cheadaithe** | 21 | 14 |

**Earnálacha Fáis:** Tá earnáil na hathchúrsála ag treisiú i gcónaí i gcontae na Mí. Tá ceannródaíocht léirithe ag Gaeltacht na Mí san earnáil seo agus in ainneoin dhúshlán an bhoilscithe agus costais fuinnimh, tá margadh na hathchúrsála ag fás i gcónaí agus ag spreagadh fostaíochta agus nuálaíochta dá réir.

**gteic– Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

- Forbairt mhór déanta ar gteic@Ráth Chairn a bheidh ag oscailt in 2024.
- Tá an obair thógála beagnach críochnaithe ar gteic@Baile Ghib. Beidh an gteic seo ag oscailt in 2024.




↑
Seoladh pacáiste eolais 'Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge' An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG)

**Pleanáil Teanga - An Mhí**

| | |
|---|---|
| Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga: | 1 |
| Oifigigh Pleanála Teanga: | 1 |
| Infheistíocht Iomlán: | €120,000 |

Is é Comharchumann Ráth Chairn Teo. an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga a fheidhmiú. Tháinig folúntas chun cinn do phost an Oifigigh Pleanála Teanga le linn na bliana agus líonadh an post i mí na Nollag.

# Gaeltacht Dhún na nGall




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán | 2740 | 2765 |
| Poist Nua | 271 | 315 |
| Glanmhéadú | | 57 |
| Glanchaillteanas | 25 | |
| Poist Cheadaithe | 67 | 88 |

**Earnálacha Fáis:** Bhí borradh faoi chomhlachtaí innealtóireachta agus faoi chomhlachtaí bia agus dí i nGaeltacht Dhún na nGall. Ba é contae Dhún na nGall an t-aon chontae Gaeltachta a raibh titim de bheagán ann -1% san fhostaíocht. D'ainneoin sin, tá comhlachtaí a bhfuil líon mór daoine fostaithe acu i nGaeltacht Dhún na nGall.

Bhí Randox, Fáisc Miotal, Caisleán Óir i measc na gcomhlachtaí inar cruthaíodh fostaíocht shuntasach. Is léargas é sin ar éagsúlacht na bhfoinsí fostaíochta i nGaeltacht Dhún na nGall agus léiríonn sé go raibh ardú ar líon na ndaoine a bhí fostaithe in earnálacha na déantúsaíochta, bia agus dí agus an fháilteachais.




## Tograí Nua

↑
An tAire Coimirce Sóisialaí, Forbairt Pobail agus Tuaithe, Heather Humphreys T.D. ag seoladh Bealach Ghorm Árainn Mhóir – Ailt a' Chorráin.

- Le tacaíocht an Údaráis, tháinig roinnt comhlachtaí nuálacha ar an bhfód a bhfuil féidearthachtaí láidre fáis acu, agus iad lonnaithe i spás na hinbhuanaitheachta, mar shampla:

    - Tá comhlacht úr próiseála feamainne i mbun gnó sna Dúnaibh

    - Tá comhlacht úr tithe réamhdhéanta i mbun gnó i nGaoth Dobhair

- Tá tionscal na dí ag dul ó neart go neart sa chontae:

    - Tá an Craic sna Cnoic Teoranta

    - Baoilleach Teoranta

    - Dríoglann Thír Chonaill Teo.

    - Driogairí Shliabh Liag Teoranta

Cé go bhfuil tábhacht go príomha leis na comhlachtaí seo mar ghnólachtaí táirgiúlachta, tá siad ag cur freisin le táirgí turasóireachta an cheantair. Baineann gné turasóireachta/ fáilteachais le gach gnó acu, rud a chuireann tuilleadh lena luach sa ngeilleagar áitiúil.




↑
Lá Pobail in ÉireComposites Teoranta in Indreabhán, Co na Gaillimhe

**Pleanáil Teanga - Dún na nGall**

| | |
|---|---|
| Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga: | 8 |
| Plean Teanga á Fheidhmiú i mBaile Seirbhíse Gaeltachta: | 1 |
| Oifigigh Pleanála Teanga: | 10 |
| Infheistíocht Iomlán: | €1.14m |

D'eagraigh na hOifigigh Pleanála Teanga réimse leathan gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar spriocghrúpaí faoi leith amhail tuismitheoirí agus teaghlaigh, daoine a bhí ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim, a fheabhsú nó cáilíocht aitheanta a bhaint amach sa teanga, an óige, lucht gnó agus pobail scoile. Eagraíodh imeachtaí, ócáidí agus ceardlanna i réimsí an cheoil agus na hamhránaíochta traidisiúnta, na n-ealaíon, an spóirt, na teicneolaíochta, an dúlra agus na drámaíochta.

**gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i nDún na nGall**

| | |
|---|---|
| Spásanna oibre ar fáil: | 413 |

**Forbairtí 2023:**

- Osclaíodh gteic@Málainn Bhig (9 spás oibre)
- Tá dhá oifig phríobháideacha nua curtha le gteic@An Tearmann.
- Tá dul chun cinn déanta ar gteic @Baile na Finne a bheidh ag oscailt go luath in 2024 - tá struchtúr bainistíochta á chur ar bun faoi láthair.
- Obair thógála ar siúl i gteic@Toraigh agus táthar ag súil go mbeidh an gteic seo, a chuimseoidh Ionad Nuálach agus spás do Scioból na bhFear, oscailte roimh dheireadh 2024.



**Tograí gteic**

- Tá cúrsaí oiliúna sa riarachán gnó agus scileanna teicneolaíochta á reáchtáil i gteiceanna Dhún na nGall i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, caidreamh atá éascaithe ag an Meamram Tuisceana a d'aontaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna agus an tÚdarás in 2022.

- Reáchtáladh cuid mhaith d'imeachtaí Fhéile Nuálaithe Faoi 35 na hEorpa i gcomhar le MIT Europe i gteic@GaothDobhair.

- Reáchtáladh ceardlanna agus seisiúin eolais éagsúla faoi na nithe seo a leanas:

    - Trádáil Idirnáisiúnta

    - Acmhainní Daonna

    - Scríbhneoireacht in Earnáil na Meán

Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha a rinneadh i nGaeltacht Dhún na nGall i rith na bliana:

**An Ghaeltacht Ghlas**
**Togra Fótavoltach Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair** Leanadh leis an bpróiseas ullmhúcháin d'fheirm ghréine 5W a fhorbairt. Is togra pobail é seo atá á fhorbairt ar bhonn comhpháirtíochta i gcomhar le sé eagraíocht pobail i bparóiste Ghaoth Dobhair.

**Beartas Tithíochta Charraig an tSeascainn** Tá suíomh ina bhfuil cheithre theach luaite le Beartas Tithíochta an Údaráis agus beidh na féidearthachtaí a bhaineann le tithe inacmhainne a fhorbairt ar an suíomh seo ar imeall Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair á meas in 2024.

**Mol Bith-eacnamaíochta** Rinneadh dul chun cinn ar an bplean chun Mol Bith-eacnamaíochta a fhorbairt i gCill Ulta agus beidh iarratas pleanála á dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta ar son LAN CTR sa gcéad leath de 2024. Tá an togra á fheidhmiú i gcomhar le comhpháirtithe eile (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus Teagasc). Beidh iarratas maoinithe á ullmhú faoi Chatagóir 1 den Chiste Forbartha Réigiúnach agus Tuaithe in 2025. Tá sé i gceist go gcuirfí áiseanna d'ardchaighdeán ar fáil agus go gcruthófaí deiseanna fostaíochta inmharthana in earnálacha na bith-eacnamaíochta.

**Turasóireacht**

**Ionad Cois Locha, Dún Lúiche:**

Tá Clár nua Seirbhísí Pobail [CSP] ceadaithe d'Ionad Cois Locha Dhún Lúiche agus athosclaíodh an tIonad i mbliana faoi stiúir coiste bainistíochta agus bainisteoir nua. Tá Máistirphlean á fhorbairt don ionad agus don cheantar agus é mar aidhm leis a bheith ina phríomh-ionad turasóireachta arís sa gceantar Gaeltachta seo.

**Bealach Gorm Árainn Mhór**

Seoladh Bealach Gorm Árainn Mhór-Ailt an Chorráin, bealach a bhfuil aitheantas iomlán faighte aige ó Blueways Ireland, an t-aon Bhealach Gorm sa Ghaeltacht agus an t-aon Bhealach Gorm sa tír atá lonnaithe le cósta agus ar muir.

**Muileann Coirce CTR, Cill Charthaigh**

Tá athnuachan déanta ar Roth Mór an mhuilinn faoin togra turasóireachta agus oidhreachta seo agus tá tuilleadh forbairtí beartaithe chun tairbhe a bhaint as na mílte cuairteoirí a théann thar bráid ar an mbealach chuig Sliabh Liag.

**Ionad Cuairteoirí, Teach Solais Fhánada**

Fuair Údarás na Gaeltachta cead pleanála chun Ionad Cuairteoirí nua a thógáil taobh le Teach Solais Chionn Fhánada. Bheadh infheistíocht suas le €7 milliún i gceist don ionad agus táthar ag scrúdú féidearthachtaí maoinithe don chéad chéim eile.

**Comhdháil MIT Nuálaithe faoi 35 san Eoraip**

Tháinig cuid de na nuálaithe óga is mó le rá san Eoraip chuig an nGaeltacht arís d'Fhéile Nuálaithe Faoi 35 na hEorpa i nGaoth Dobhair, an dara bliain as a chéile a roghnaíodh Gaeltacht Thír Chonaill don chomhdháil iomráiteach seo, faoi scáth Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts (MIT), Aisling Events agus Údarás na Gaeltachta; roghnaigh eagarthóirí an MIT Technology Review 35 de shár-nuálaithe na hEorpa faoi 35 bliain d'aois ó réimsí amhail an Intleacht Shaorga, Bith-Theicneolaíocht, Bogearraí, Fuinneamh agus Ábhair. Bhí go leor de na himeachtaí á reáchtáil ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair: mar chuid den ócáid reáchtáladh Lá Oideachais do scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge an chontae, rud a thug deis do na daltaí foghlaim faoi réiteach fadhbanna ó chuid de na rannpháirtithe idirnáisiúnta.

**Ceangal leis an Áise**

Bhí Údarás na Gaeltachta páirteach arís sa gcomhdháil Asia Matters, a reáchtáladh i Leitir Ceanainn agus inar pléadh bealaí chun na naisc idir gnólachtaí in Éirinn agus san Áise a neartú.





**Súil Chun Cinn**

Bhí ról lárnach ag an Údarás i gcomhar le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall (LCDC) i sraith imeachtaí poiblí a reáchtáladh ar fud an chontae le linn 2023 chun deis a thabhairt don phobal a gcuid tuairimí a thabhairt maidir le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2029, Straitéis Forbartha Áitiúil LEADER 2023-2027 agus clár PEACEPLUS a ullmhú.

Táthar i mbun an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua do Dhún na nGall a ullmhú faoi láthair. Leagfar amach na cuspóirí agus na gníomhartha atá riachtanach chun forbairt eacnamaíochta agus pobail Dhún na nGall a chur chun cinn don tréimhse 6 bliana amach romhainn sa doiciméad seo. Tá Clár LEADER agus Clár PEACEPLUS ar phéire de na huirlisí a úsáidfear chun na cuspóirí a bheidh leagtha amach sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a chur i gcrích, agus tá dlúthbhaint ag na trí phlean seo lena chéile.

# Gaeltacht Chiarraí




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Fostaíocht Iomlán** | 938 | 910 |
| **Poist Nua** | 133 | 142 |
| **Glanmhéadú** | 28 | 81 |
| **Glanchaillteanas** | | |
| **Poist Cheadaithe** | 22 | 38 |

**Earnálacha Fáis:** Bhí tionchar na turasóireachta agus an fháilteachais le brath in earnálacha fáis Ghaeltacht Chiarraí. Bhí borradh in 2023 faoin earnáil bia agus dí agus Drioglann Uisce Beatha Dhaingean Uí Chúis ag cur le líon na bhfostaithe chomh maith le Milseoga Uí Mhurchú agus Dingle Hospitality Ltd. Tugadh le fios i dtorthaí Dhaonáireamh 2022 a foilsíodh in 2023 go raibh Baile an Daingin san áit is mó sa tír ina mbíonn daoine ag siúl na gcos mar mhodh taistil .

**Pleanáil Teanga - Ciarraí**

| | |
|---|---|
| Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga: | 2 |
| Plean Teanga á Fheidhmiú i mBaile Seirbhíse Gaeltachta: | 1 |
| Oifigigh Pleanála Teanga: | 4 |
| Infheistíocht Iomlán: | €420,000 |

- Reáchtáladh sraith cruinnithe poiblí i gCiarraí Theas le déanaí chun an pobal a chur ar an eolas faoin méid atá bainte amach ó tosaíodh ag cur an phlean teanga i bhfeidhm sé bliana ó shin. Bhí freastal maith ar na cruinnithe.

- Bronnadh os cionn 70 gradam ag Gradaim Ghnó Ghlór na nGael do ghnólachtaí atá lonnaithe i gCorca Dhuibhne mar aitheantas ar an iarracht a rinne siad an Ghaeilge a úsáid ina gcuid gnó.

- Reáchtáil Coláistí Chorca Dhuibhne an togra Aistear na nGael i gCorca Dhuibhne do dhéagóirí Gaeltachta le maoiniú ó Údarás na Gaeltachta. Bhí 36 déagóir Gaeltachta páirteach ann ó Dhún na nGall, Gaillimh, an Mhí, na Déise, Múscraí agus Ciarraí. Fuarthas aiseolas thar a bheith dearfach ó na daoine óga a ghlac páirt.

**gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCiarraí**

| | |
|---|---|
| Spásanna Oibre ar fáil: | 77 |

**Tograí gteic:**

Bhí ceardlanna/seisiúin eolais ar siúl faoi na nithe seo a leanas:

- Scileanna Smaointeoireachta Criticiúla
- Straitéisí Margaíochta Digití
- Fiontraíocht Shóisialta
- Dlí Fostaíochta



↑
Bronnadh Gradaim na Gaeltachta 2023

**Forbairtí 2023**

**Tograí Pobail:** Cuireadh tús i gCorca Dhuibhne leis an gcéad togra pobail fuinnimh inmharthana sa tír dírithe ar thionscal an fháilteachais agus tionscal na turasóireachta. Is comhpháirtíocht é seo idir an tÚdarás, MolTeic agus Fáilte Ireland.

**Áiseanna na hÓige:** Bhuaigh Áiseanna na hÓige Teo. Gradam Pobail Chiarraí i mbliana. D'éirigh leo an duais Pobal Cois Cósta a thabhairt leo ag ócáid Náisiúnta Pride of Place.


**Teach Damhsa** Tá an obair athchóirithe críochnaithe ar mhonarcha na Glaise Bige i nGaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí don chomhlacht Teach Damhsa. Osclófar an t-ionad go luath in 2024.

**Forbairt na Dromoda Teo:** Osclaíodh caifé pobail agus cuireadh imeachtaí ar fáil do thurasóirí a bhí ag fanacht sa bhrú, siúlóidí trí Ghaeilge ina measc. Tá maoiniú faighte faoi scéim CLÁR chun gluaisteán a cheannach chun othair a bhfuil ailse orthu a thabhairt chun an ospidéil.

**Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh**
I measc bhuaicphointí 2023:

- Rinneadh athbhreithniú agus meastóireacht ar Ghníomhphlean 1.
- Seoladh Gníomhphlean 2 do 2023-2026
- Athlonnaíodh 18 dteaghlach sa gceantar le tacaíocht ón Tascfhórsa
- Cheadaigh an Chomhairle Ealaíon maoiniú trí bliana do 'Cumas Cheantar Uíbh Ráthaigh' agus ceapadh comhordaitheoir
- Tugadh treochlár do thionscadail tithíochta inacmhainne d'Uíbh Ráthach faoi stiúir an phobail chun críche.

# Gaeltacht Chorcaigh




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| **Fostaíocht Iomlán** | 758 | 705 |
| **Poist Nua** | 79 | 34 |
| **Glanmhéadú** | 53 | |
| **Glanchaillteanas** | | 14 |
| **Poist Cheadaithe** | 35 | |

**Earnálacha Fáis:** Is í an earnáil bhia agus dí crann taca na fostaíochta i nGaeltacht Chorcaí. Tá an earnáil sin ag tarraingt ar Mhacra Mae na Mumhan agus acmhainní nádúrtha na háite. Spreag deiseanna san earnáil ghlas fás i gcomhlachtaí eile in 2023, áit ar tháinig táirgí nua glasa chun cinn in earnáil na déantúsaíochta agus na déantúsaíochta nideoige go sonrach.

**gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gCorcaigh**

| | |
|---|---|
| Spásanna oibre ar fáil: | 35 |

**Le teacht:** Tá obair leanúnach forbartha ar siúl ag gteic@Baile Bhuirne (Coláiste Íosagáin). Táthar ag súil go mbeidh tús á chur leis an obair thógála in 2024.

**Tograí**
Cuireadh ceardlanna/seisiúin eolais ar siúl faoi na nithe seo a leanas:

- Fuinneamh Glas
- STEM

**Pleanáil Teanga - Corcaigh**

| | |
|---|---|
| Pleananna Teanga á bhfeidhmiú i Limistéir Pleanála Teanga: | 2 |
| Oifigigh Pleanála Teanga: | 2 |
| Infheistíocht Iomlán: | €240,000 |

Tá pleananna teanga á bhfeidhmiú sa dá Limistéar Pleanála Teanga i gContae Chorcaí, i Múscraí agus i gCléire.

- Cuimsítear sna pleananna teanga sin réimsí éagsúla an tsaoil ón óige go cúrsaí teaghlaigh, grúpaí spraoi, caitheamh aimsire, cúrsaí gnó agus tuilleadh nach iad.
- Thacaigh Plean Teanga Mhúscraí leis an gceoldráma nua-scríofa, an Tuairín Dubh. Bhí mórán daoine ón gceantar páirteach ann agus bhí tionchar dearfach aige ar chleachtas teanga an phobail.
- Reáchtáladh an fhéile BRÓD i gCléire trí mheán na Gaeilge.


Bhí siad seo a leanas i measc na bhforbairtí agus na bhfógraí suntasacha a rinneadh i nGaeltacht Chorcaí i rith na bliana:

- **Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais Eorpaigh (Clean Energy for EU Islands)**:Tá Cléire ar cheann de 30 oileán Eorpacha atá roghnaithe don togra seo, chun fuinneamh glan a sholáthar do phobail oileánda.
- **Ionad Turasóireacht Chléire:** Réitigh Comharchumann Chléire dearadh don Ionad i gcomhar le Fáilte Ireland. Tá sé seo ar cheann de cheithre thogra straitéiseacha atá aitheanta mar thograí comhpháirtíochta ag Údarás na Gaeltachta agus Fáilte Ireland.
- **Coláiste na Mumhan**: Thosaigh Coiste Forbartha Bhéal Átha an Ghaorthaidh CTR ag forbairt Eispéaras Cuairteora d'Iarsmalann Athbheochan na Gaeilge, a bheidh lonnaithe i seanfhoirgneamh Choláiste na Mumhan i mBéal Átha an Ghaorthaidh, le cabhair ó dheontas seirbhísí comhairleoireachta atá ceadaithe ag an Údarás.



- **Plean Turasóireachta Mhúscraí:**
  Seoladh plean turasóireachta do cheantar Gaeltachta Mhúscraí, ullmhaithe ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo, mar chuid de phlean níos leithne le Fáilte Éireann. Tá Oifigeach Turasóireachta Pobail fostaithe i Múscraí faoi Scéim Turasóireachta an Údaráis.

# Gaeltacht Phort Láirge




| Fostaíocht | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán | 264 | 208 |
| Poist Nua | 64 | 19 |
| Glanmhéadú | 56 | 18 |
| Glanchaillteanas | | |

**Earnálacha Fáis**: Tá an tionscal closamhairc agus tionscal na teanga ag treisiú i nGaeltacht na nDéise le margaí nua náisiúnta agus idirnáisiúnta á mbaint amach acu. Tá borradh faoin dobharshaothrú freisin, rud a léiríonn go bhfuiltear ag baint tairbhe as acmhainn nádúrtha na háite.

**Tograí Nua-cheadaithe:**

**Beartas Tithíochta na Rinne:** Tá suíomh sa Rinn ar cheann de thrí shuíomh atá luaite le Beartas Tithíochta an Údaráis agus beidh na féidearthachtaí a bhaineann le tithe inacmhainne a fhorbairt ar an suíomh seo i mBaile na nGall á meas in 2024.



**Pleanáil Teanga - Port Láirge**

| | |
|---|---|
| Limistéar Pleanála Teanga: | 1 |
| Oifigeach Pleanála Teanga: | 1 |
| Infheistíocht Iomlán: | €120,000 |

Is é Comhlacht Forbartha na nDéise Teo an cheanneagraíocht atá freagrach as an bplean teanga a fheidhmiú i Limistéar Pleanála Teanga na nDéise. Thosaigh Oifigeach Pleanála Teanga nua ag obair in LPT na nDéise i mí Iúil 2023.

D'éirigh go han-mhaith le réimse leathan gníomhaíochtaí in 2023, ina measc an Bricfeasta le Gaeilge, sraith shiamsaíochta do theaghlaigh (le ceardlanna Lego, ceoil, lámhchleasaíochta etc.), ranganna ceoil trí Ghaeilge agus comhoibriú leanúnach le scoileanna, cumainn spóirt agus coistí deonacha.

Gaeltacht na hÉireann

**Údarás na Gaeltachta**

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

**www.udaras.ie**

Phone: 091-503100
Email: eolas@udaras.ie